C/2025/746

29.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11853 – NOVO HOLDINGS / TA ASSOCIATES / BIOCOMPOSITES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/746)

1. An 22 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Novo Holdings A/S ('Novo Holdings', an Danmhairg) atá faoi rialú Novo Nordisk Fonden (an Danmhairg),

— TA Associates Management, L.P. (in éineacht lena fhochuideachtaí, 'TA Associates', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Matrix Topco Limited (in éineacht lena fhochuideachtaí, 'Biocomposites', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú TA Associates.

Gheobhaidh Novo Holdings agus TA Associates rialú comhpháirteach ar Biocomposites de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phríobháideach faoi dhliteanas teoranta de chuid na Danmhairge é Novo Holdings agus is cuideachta shealbhaíochta Novo Group é. Tá Novo Holdings freagrach as sócmhainní Novo Nordisk Fonden a bhainistiú trí infheistíochtaí straitéiseacha sna heolaíochtaí beatha, i sláinte an phláinéid agus i réimsí gaolmhara agus trí infheistíochtaí caipitil airgeadais agus fiontair i bpunann leathan cuideachtaí atá tiomnaithe do thaighde leighis agus eolaíoch.

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é TA Associates a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i dtionscail roghnaithe, lena n-áirítear seirbhísí gnó, réimse an tomhaltóra, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus teicneolaíochtaí, agus feidhmíonn sé ar fud an domhain.

— Tá Biocomposites gníomhach i bhforbairt comhdhúile cailciam agus táirgí polaiméire speisialtachta le haghaidh úsáid mháinliachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11853 – NOVO HOLDINGS / TA ASSOCIATES / BIOCOMPOSITES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË